
# RÉ NUA




## STRAITÉIS CHORPARÁIDEACH AN GHARDA SÍOCHÁNA 2007-2009


# RÉ NUA


**STRAITÉIS CHORPARÁIDEACH
AN GHARDA SÍOCHÁNA
2007-2009**

# CLÁR NA NÁBHAR


| | |
|---|---|
| Ráiteas Straitéise an Gharda | 2 |
| Fís | 4 |
| Bunchuspóir | 4 |
| Luachanna | 4 |
| Sprioc Straitéiseach 1 - Slándáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta | 5 |
| Sprioc Straitéiseach 2 - Coireacht | 6 |
| Sprioc Straitéiseach 3- Trácht agus Sábháilteacht ar na Bóithre | 7 |
| Sprioc Straitéiseach 4 - Ord Poiblí | 8 |
| Sprioc Straitéiseach 5 - Éagsúlacht Eitneach agus Chultúrtha | 9 |
| Sprioc Straitéiseach 6 - Teagmháil leis an bPobal | 10 |
| Riachtanais Straitéiseacha. | 11 |
| Acmhainn bainistíochta oibriúcháin an Gharda Síochána a fhorbairt | 12 |
| Eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána. | 12 |
| Comhaltaí a earcú, a oiliúint, a fhorbairt agus a inspreagadh | 13 |
| Cultúr an Gharda Síochána a athnuachan agus a athbheochan | 13 |
| A chinntiú gur eagraíocht dea-threoraithe agus dea-bhainistithe é an Garda Síochána. | 14 |
| Samhail den scoth um chaidreamh custaiméara a fhorbairt sa Gharda Síochána | 14 |


*An leibhéal so-aimsithe is airde a bhaint amach i* ***gCosaint Phearsanta, Tiomantas don Phobal*** *agus* ***Slándáil Stáit***








# Ráiteas Straitéise an Gharda

Is é dualgais agus cúram poiblí an Gharda Síochána timpeallacht ordúil agus sábháilte a chur ar fáil dár saoránaigh uile. Is iad ár láithreacht chobhsaitheach poiblí, teagmháil ghníomhach leis an bpobal, ár mbreithiúnas gairmiúil agus forfheidhmiú spriocaimsithe an dlí ar son na bpobal agus na saoránach éagsúil a bhfuil sé de phribhléid againn fónamh dóibh a eascaítear fealsúnacht agus straitéis an Gharda Síochána um phóilíniú pobail.

Léiriú is ea na spriocanna póilíneachta agus na tionscnaimh nuachóirithe a dtugtar tús áite dóibh sa doiciméad seo ar thosaíochtaí póilíneachta an Rialtais, ar thorthaí chomhairliúcháin agus aiseolais ón bpobal, agus ar ghaois a fuarthas ó thaithí ghairmiúil ar phóilíniú. Léiríonn siad chomh maith an breithniú cúramach a rinneadh ar na dúshláin atá á gcur faoin tsochaí agus ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht an phobail a eascraíonn ó na dinimicí agus na cineálacha teannais atá mar shainchomhartha ar an tsochaí seo againne atá ag athrú go mear.



Tá i gceist againn foghlaim ó earráidí eagraíochtúla agus ó fhaillí lucht bainistíochta san am a ghabh romhainn. Agus muid ag tabhairt aghaidh ar athruithe móra, ar leasuithe agus ar athnuachan, is é a thiománfaidh ár ngealltanas straitéiseach don phobal ná fócas soiléir agus comhsheasmhach ar phríomhriachtanais na straitéise seo *– sábháilteacht an phobail, muinín an phobail agus cuntasacht phoiblí.* Ní ghlacfar le faillí ar bith sna riachtanais seo um leas an phobail.

Téann an straitéis phóilíneachta pobalbhunaithe seo i ngleic go díreach le príomhdhúshláin na póilineachta, mar atá an *tslándáil stáit, smacht ar choireacht, sábháilteacht ar bhóithre, ord poiblí, éagsúlacht eitneach agus chultúrtha, agus teagmháil leis an bpobal* ionas go soláthraítear straitéisí físeacha a bhfuil spriocanna soiléire ag gabháil leo. Táim lánchinnte nach nglacfadh an pobal le rud ar bith is lú ná sin agus nach mbeadh súil acu le rud ar bith is lú ná sin. Tá cuimsithe ann eochair-leasuithe agus tionscnaimh um nuachóiriú a bheidh ríthábhachtach má tá rath le bheith ar ár misean poiblí agus má táimid lenár spriocanna póilíneachta poiblí a bhaint amach.

*An leibhéal so-aimsithe is airde a bhaint amach i* ***gCosaint Phearsanta, Tiomantas don Phobal*** *agus* ***Slándáil Stáit***

Mar thoradh ar chur chun feidhme ár gclár leasúcháin agus athchóirithe, cé go mbeidh sé dúshlánach agus deacair ar dhaoine áirithe, feicfear disciplín nua gairmiúil agus esprit de corps atá riachtanach má tá rath le bheith orainn mar sheirbhís phóilíneachta i dtimpeallacht an lae inniu, timpeallacht atá thar a bheith casta agus dúshlánach, agus sna timpeallachtaí a bheidh romhainn. Chun an straitéis seo a fhíorú, teastóidh léargais nua ghairmiúla, fuinneamh, inspreagadh agus mothú cuspóra i measc na foirne, foireann atá níos éagsúlaithe agus níos dílse ná riamh, rud a fhágann gur áit oibre luaíoch, onórach agus spreagúil é an Garda Síochána. Lena chois sin, beidh sé mar chúis le heagar nua a chur ar an nGarda Síochána agus fuinneamh nua a chothú ann mar eagraíocht seirbhíse poiblí atá inchurtha le heagraíocht ar bith mar é ar domhan, eagraíocht atá tiomanta do chultúr dualgais phoiblí agus don chineál seirbhís pobail a shamhlaímid leis an bhfís a bhí ag na daoine a bhunaigh an eagraíocht.

Chun ár bhfealsúnacht agus straitéis um phóilíneacht pobail a chur i ngníomh, oibreoimid i gcomhar le raon gníomhaireachtaí idir reachtúil agus dheonach, agus le hionadaithe pobail. Beidh sé sin riachtanach má tá an póilíniú le bheith éifeachtach, tíosach ar acmhainní agus cuntasach. Ag an leibhéal áitiúil, glacfar faoin straitéis phóilíneachta cur chuige a mbeidh teagmháil leis an bpobal agus fadhbréiteach i gceist leis, ionas go gcumhachtófar pobail áitiúla agus foirne póilinithe pobail chun tabhairt faoi chomhthionscnaimh um shábháilteacht an phobail. Déanfar ár gcláir sábháilteachta a threorú agus a chur chun feidhme de réir ár bhfís do shábháilteacht an phobail agus de réir na bhforálacha nua comhpháirtíochta in Acht an Gharda Síochána, 2005.

Bunluachanna agus bunchaighdeáin de chuid na straitéise póilíneachta seo is ea seirbhís phoiblí, gairmiúlachas, ceannaireacht eiticiúil, teagmháil leis an bpobal, easpa leithcheala, meas ar dhínit agus ar chearta an duine, cuntasacht follasach poiblí agus seirbhísí Garda atá dearbhaithe ó thaobh na cáilíochta de. Chun ár luachanna agus ár gcaighdeán a chur i ngníomh, oibreoimid go

díograiseach agus ar shlí a bhfuil cuspóir leis le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, le Cigireacht an Gharda Síochána agus leis na Comhchoistí Póilíneachta Áitiúla.

Agus ár dtosaíochtaí póilíneachta comhaontaithe á gcur chun feidhme againn ar mhaithe leis an bpobal, déanfaimid mar seo a leanas:

- Rachaimid i ngleic le agus cuirfimid dúshlán faoi sceimhlitheoirí agus fúthu siúd a bhfuil gníomhaíochtaí treascracha ar bun acu agus atá ag déanamh a ndíchill chun institiúidí daonlathacha an Stáit a dhíchobhsú agus cuirfimid eolas tráthúil agus ábhartha ar fáil don rialtas.
- Cuirfimid dúshlán faoi gach gníomhaíocht choiriúil, agus déanfaimid gach is féidir chun iad a stopadh nó cur isteach orthu. Tabharfar tús áite do dhronga drugaí agus do dhronga coiriúla eagraithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
- Rachaimid i ngleic le hiompar ar an mbóthar atá contúirteach, neamhchúramach nó faillíoch agus a bhíonn mar chúis le básanna, gortú agus cailliúint eacnamúil.
- Rachaimid i ngleic le neamhord poiblí agus le hiompraíocht fhrithshóisialta a chuireann sábháilteacht ár saoránach i mbaol agus a chothaíonn imní ar na sráideanna agus in áiteanna poiblí.
- Tabharfaimid faoi bhreithniú poiblí a bhfuil cuspóir leis i dteannta na bpobal eitneach agus cultúrtha éagsúla d'fhonn a riachtanais slándála agus sábháilteachta a thuiscint agus freagra dearfach a thabhairt orthu.
- Rachaimid i ngleic trí a bheith i láthair i measc an phobail agus trí fhadhbanna a phlé leo agus lena n-ionadaithe chun cobhsaíocht agus sábháilteacht an phobail a fheabhsú.
- Tabharfaimid chun cinn straitéis dinimiciúil óige chun tacú le daoine óga atá i mbaol agus treoir a thabhairt dóibh agus iad ag gluaiseacht i dtreo na lánsaoránachta daonlathaí.

Beidh gá le clár suntasach leasúcháin agus athchóirithe chun an straitéis seo a chur chun feidhme, straitéis a fhreagraíonn do dhúshláin agus do dhínimic na timpeallachta póilíneachta agus do na hathruithe suntasacha in Acht an Gharda Síochána 2005 mar aon le torthaí na mBinsí éagsúla. San áireamh sa chlár nuachóirithe seo beidh mórthionscadail bainistíochta agus feidhmíochta ceannasaíochta, bainistiú ar acmhainní daonna, smacht agus disciplín, teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, bainistiú airgeadais agus cuntasachta, caighdeáin seirbhíse agus dearbhú cáilíochta, próiseáil/anailís ar eolas agus ar fhaisnéis, agus acmhainn imscrúdaithe fhoiréinsigh, agus ag an am céanna neadófar ár luachanna sainráite ionas go mbeidh siad follasach i ngach a ndéanfaimid ó lá go lá.

In dtréimhse trí bliana na straitéise seo oibreoidh an Garda Síochána go dúthrachtach chun an straitéis seo a fhíorú do mhuintir na hÉireann. Déanfaimid amhlaidh trí phleananna póilíneachta bliantúla a fhoilsiú a bheidh spriocaimsithe agus dírithe ar thorthaí. Déanfar bainistiú feidhmíochta ar gach plean póilíneachta ar bhonn ráithiúil, agus foilseofar na torthaí ionas gur féidir iad a phlé ag na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Agus an straitéis seo á cur chun feidhme, is faoin bpobal a bheidh sé a rá cibé an seirbhís ghairmiúil rathúil atá á fáil acu. Is iad muinín an phobail sa Gharda Síochána, sábháilteacht an phobail agus cuntasacht phoiblí ón nGarda Síochána na tagairmhairc feidhmíochta a úsáidfear chun an straitéis phóilíneachta seo a thomhas agus a chosaint.

Nollaig Ó Conaire
Coimisinéir an Gharda Síochána

# Fís

*'Daoine den scoth ag seachadadh seirbhís phóilíneachta den scoth'*




# Bunchuspóir



*An leibhéal so-aimsithe is airde a bhaint amach i gCosaint Phearsanta, Tiomantas don Phobal agus Slándáil Stáit*

# Luachanna

- Meas a bheith againn ar dhaoine agus ar a riachtanais
- Cosaint do chearta an duine
- Seirbhís phoiblí chúirtéiseach agus cásmhar a sholáthar
- Comhpháirtíocht a choinneáil ar siúl leis an bpobal
- Freagracht indibhidiúil a ghlacadh
- Cuntasacht phoiblí a chinntiú
- Ceannaireacht eiticiúil a sholáthar
- Gairmiúlachas faoi smacht a chleachtadh
- A bheith macánta, fírinneach agus cloí le prionsabail na cothromaíochta agus an chirt
- Gach cineál éagsúlachta a chur chun cinn agus a ghlacadh
- A bheith de shíor ag foghlaim agus ag glacadh go fonnmhar le hathruithe

# Slándáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
|---|---|---|
| An tslándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta a chothabháil | ▲ Aithneoimid agus déanfaimid anailís ar na rioscaí agus tabharfaimid aghaidh ar na bagairtí don Stát ó ghrúpaí náisiúnta/idirnáisiúnta sceimhlitheora/ antoisceach radacach agus ó sceimhlitheoirí agus antoiscigh radacacha aonair.<br>▲ Coimeádfaimid an rialtas ar an eolas le tuarascálacha faisnéise a bheidh idir thráthúil agus chruinn.<br>▲ Forbróimid acmhainn eagraíochtúil chun seasamh in éadan bagairtí ó sceimhlitheoirí náisúnta agus idirnáisiúnta.<br>▲ Forbróimid comhpháirtíochtaí poiblí/príobháideacha mar thaca lenár n-oibríochtaí slándála náisiúnta agus idirnáisiúnta.<br>▲ Cuirfimid deireadh leis an gcomhéadan idir dronga coireachta eagraithe agus grúpaí agus daoine treascracha.<br>▲ Cuirfimid lenár n-acmhainn freagartha i móréigeandálaí.<br>▲ Déanfaimid tuilleadh forbartha ar ár naisc idirnáisiúnta le gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin dlí d'fhonn rochtain a éascú ar fhaisnéis agus ar na dea-chleachtais idirnáisiúnta is fearr i gcaighdeáin oibríochta agus oiliúna. | Daonlathas slán<br><br>Acmhainn freagartha den scoth a thagarmharcáilfear de réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr |

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2

## Coireacht

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH**

Minicíocht na coireachta agus na hiompraíochta coiriúla a laghdú go mór


**TIONSCNAIMH**


- Forbróimid straitéis náisiúnta chun coireacht a laghdú agus a chosc.
- Bainfimid leas as nuálacha eolaíocha agus teicneolaíocha chun coireanna a fhuascailt.
- Oibreoimid i gcomhar leis an tSaotharlann Eolaíocht Fhóiréinseach chun acmhainn agus cumas a fhorbairt le gur féidir soláthar a dhéanamh d'éilimh oibríochtúla.
- Cuirfimid lenár n-acmhainn bainistíochta i gcomhair imscrúduithe ar choireanna tromchúiseacha.
- oibreoimid i gcomhar le gníomhaireachtaí eile chun líon na gcoireanna a laghdú.
- Úsáidfimid líonraí faisnéise ildisciplíne le gur féidir coireanna a stad agus a chosc go luath.
- Úsáidfimid oibríochtaí comhordaithe faisnéis-tiománta in éadan líonraí coirpeach agus coirpigh aonair.
- Díreoimid ar chatagóirí coireachta ina mbíonn líon ard coireanna.
- Díreoimid ar ghrúpaí agus ar dhaoine aonair a bhfuil gáinneáil ar dhaoine agus inimirce mídhleathach ar siúl acu.
- Oibreoimid i gcomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta chun líonraí gáinneáil ar dhrugaí a shainaithint agus a phróifíliú.

**TORADH**

Coireacht laghdaithe de 6%







# Trácht agus Sábháilteacht ar na Bóithre

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Minicíocht na n-imbhuailtí tráchta idir mharfach agus thromchúiseach a laghdú agus sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú

## TIONSCNAIMH

- Soláthróidh an Coimisinéir Cúnta Trácht Plean Feidhmiúcháin Bliantúil um Shábhailteacht ar na Bóithre agus Trácht ina mbeidh cuspóirí, bearta, spriocanna agus eochair-tháscairí feidhmíochta.
- Is ar an gCoimisinéir Cúnta Trácht a bheidh cúram maidir le hacmhainniú, tuairisciú, feidhmíocht agus torthaí gach póilíniú tráchta.
- Cuirfimid dúshlán faoi mhí-iompraíocht tiománaithe ar an mbóthar trí a bheith i láthair, trí fhorfheidhmiú na reachtaíochta, tríd an oideachas agus trí chineálacha cur chuige bunaithe ar chomhpháirtíocht.
- Forbróimid Straitéis um Shábháilteacht Tráchta agus agus Bainistiú Tráchta i gcomhar le gníomhaireachtaí páirtíochta eile lena mbaineann.
- Forbróimid agus feabhsóimid ár n-acmhainn straitéiseach agus oibriúcháin um thrácht agus um shábháilteacht ar na bóithre.
- Cinnteoimid go ndéanfar reachtaíocht trácht bhóthair agus iompair bhóthair a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go comhsheasmhach.
- Cuirfimid le sábháilteacht ar na bóithre trí anailís a dhéanamh ar imbhuailtí agus trí bhearta faisnéisthreoraithe.
- Forbróidh an Coimisinéir Cúnta Trácht Straitéis um Fheasacht agus Oideachas i Leith Sábháilteacht ar na Bóithre.

## TORADH

Bunaithe ar Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar na Bóithre laghdóimid líon na n-imbhuailtí tráchta idir mharfach agus thromchúiseach







# SPRIOC STRAITÉISEACH 4

# Ord Poiblí

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
|---|---|---|
| Minicíocht an neamhoird phoiblí agus na hiompraíochta frithshóisialta in ár bpobail a laghdú go mór. | ▲ Oibreoimid le páirtithe leasmhara pobail agus reachtúla chun freagraí ar neamhord poiblí agus ar iompraíocht fhrithshóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.<br>▲ Aithneoimid agus díreoimid ar na háiteanna is coitianta ina mbíonn neamhord poiblí agus iompraíocht frithshóisialta.<br>▲ Aithneoimid agus díreoimid ar threochtaí agus ar phatrúin maidir le mí-úsáid alcóil agus substaintí.<br>▲ Cuirfimid dúshlán faoi agus smachtóimid neamhord poiblí tríd an reachtaíocht oird phoiblí a fhorfheidhmiú gan eisceacht.<br>▲ Úsáidfimid an cleachtas is fearr maidir le Foirne Freagartha Garda um Ord Poiblí a oiliúint agus a acmhainniú.<br>▲ Déanfaimid suirbhéanna spriocaimsithe maidir le 'mothú sábháilteachta' agus tabharfaimid isteach tionscnaimh chun cur le braistint na sábháilteachta inár bpobail. | Áiteanna poiblí níos sábháilte |








# Éagsúlacht Eitneach agus Chultúrtha

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
|---|---|---|
| Cosaint chothrom agus seirbhís chuí a sholáthar agus comhurraim agus comhiontaoibh a chothú ag an am céanna. | ▲ Soláthróimid cosaint agus sásamh in éadan teagmhas ciníoch.<br>▲ Imscrúdóimid go hiomlán gach teagmhas ciníoch.<br>▲ Cothóimid iontaoibh agus muinín i measc na pobail eitneacha agus cultúrtha éagsúla.<br>▲ Déanfaimid teagmháil éifeachtach leis na pobail eitneacha agus cultúrtha éagsúla.<br>▲ Cinnteoimid go mbeidh seirbhís an Gharda ionadaíoch don phobal a bhfónaimid dóibh.<br>▲ Cinnteoimid go gcloífear go huile is go hiomlán le cearta an duine i gcás daoine a mbíonn teagmháil acu le seirbhís an Gharda. | **Iontaoibh agus muinín na bpobal éagsúil eitneach agus cultúrtha sa Gharda Síochána.** |


# SPRIOC STRAITÉISEACH 6

# Teagmháil leis an bPobal

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
|---|---|---|
| Seirbhís Gharda a thógáil a léiríonn riachtanais agus tosaíochtaí mhuintir na hÉireann. | ▲ Oibreoimid chun comhpháirtíocht phobail a thógáil a chuirfidh feabhas ar an gcaoi a ndéantar seirbhísí póilíneachta a sholáthar.<br>▲ Forbróimid Samhail Náisiúnta an Gharda Síochána um Phóilíniú Pobail.<br>▲ Forbróimid Stráitéis Óige chun seirbhísí oiriúnacha a chur chun cinn do pháistí agus do dhaoine óga.<br>▲ Cuirfimid lenár seirbhísí d'íospartaigh.<br>▲ Beimid rannpháirteach go hiomlán i gComhchoistí Póilíneachta agus i bhfóraim áitiúla póilíneachta.<br>▲ Cinnteoimid go mbeidh comhaltaí den Gharda i láthair laistigh de phobail agus go háirithe i gceantair R.A.P.I.D. | Teagmháil éifeachtach pobail / Garda<br><br>Teagmháil bhríoch agus chuí le daoine óga |







# Riachtanais Straitéiseacha

## *Eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána*

Caithfidh clár bunúsacha leasaithe agus athnuachana a bheith mar bhunús leis an Straitéis Chorparáideach seo, atá bunaithe ar na sé cinn de spriocanna straitéiseacha a dtugtar srac-chuntas orthu sa doiciméad seo le gur féidir eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána.  Ní bheadh na spriocanna atá sa straitéis seo, a bheidh deacair agus dúshlánach a fhíorú, insroichte gan athnuachan agus athbheochan a dhéanamh ar an eagraíocht. Tá i gceist againn é an t-athnuachan seo a chur i gcrích trí dhul i gceann sé cinn de riachtanais straitéiseacha.  Coimeádfar mar thosaíocht an gá atá le cuntasacht phoiblí agus luach ar airgead.

Tá sé beartaithe againn i rith thréimhse na straitéise seo:

1. Acmhainn bainistíochta oibriúcháin an Gharda Síochána a fhorbairt.

2. Eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána.


3. Comhaltaí a earcú, a oiliúint, a fhorbairt agus a inspreagadh.

4. Cultúr an Gharda Síochána a athnuachan agus a athbheochan.

5. A chinntiú go mbíonn ceannaireacht agus bainisteoireacht an Gharda Síochána ar an gcaighdeán is fearr is féidir.

6. Samhail den scoth de chaidreamh custaiméara a fhorbairt sa  Gharda Síochána.

Ar mhaithe leis na riachtanais straitéiseacha seo, déanfar feidhmíocht agus dul chun cinn a mheas, i gcomhar leis na sé cinn de spriocanna straitéiseacha, ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn bliantúil inár gcreat feidhmíochta agus cuntasachta agus inár ár bPleananna Póilíneachta Bliantúla.


# RIACHTANAIS STRAITÉISEACHA


## Acmhainn bainistíochta oibriúcháin an Gharda Síochána a fhorbairt

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
| --- | --- | --- |
| Cinnteoimid go mbeidh próisis phóilíneachta an Gharda Síochána de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr. | ➢ Déanfaimid ár n-acmhainn oibriúcháin a mheas, cuirfear feabhsuithe i bhfeidhm agus forbrófar caighdéain agus próisis den scoth.<br>➢ Déanfaimid croí-phróisis ghnó agus riaracháin an Gharda a athcheapadh.<br>➢ Forbróimid acmhainn eagraíochtúil chun teipeanna ar an gcóras agus deiseanna chun athruithe a shainaithint.<br>➢ Éascóimid agus oibreoimd le hoifigí Chigireacht an Gharda Síochana.<br>➢ Forbróimid acmhainn sa Gharda Síochána um anailís ar choireacht agus ar ghnó. | Dea-chleachtas i bpóilíniú oibriúcháin |

## Eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
| --- | --- | --- |
| Cinnteoimid go mbeidh na cleachtais phóilíneachta agus ghnó is fearr dá bhfuil ann i bhfeidhm sa Gharda Síochána. | ➢ Déanfaimid na hacmhainní bainistíochta airgeadais a ailíniú mar thaca faoinár spriocanna straitéiseacha.<br>➢ Tabharfaimid chun críche an Creat Eolais Bainistíochta (CEB).<br>➢ Forbróimid Clár agus Maitrís um Bainistiú Rioscaí.<br>➢ Beidh clár oibre Luach ar Airgead mar thosaíocht sainráite againn i ngach oibríocht de chuid an Gharda.<br>➢ Uasmhéadóimid úsáid na teicneolaíochta chun príomhfheidhmeanna póilíneachta a éascú.<br>➢ Forbróimid Clár Bainistíochta um Eolas/Faisnéis sa Gharda Síochána. | Próisis, cleachtais agus nósanna imeachta eagraíochtúla den scoth |





# RIACHTANAIS STRAITÉISEACHA


## Comhaltaí an Gharda a earcú, a oiliúint, a fhorbairt agus a inspreagadh

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
|---|---|---|
| Cinnteoimid go mbeidh comhaltaí<br>an Gharda Síochána dea-oilte,<br>inniúil,<br>cumasach,<br>tiomanta<br>agus meanmach | ➢ Cinnteoimid go mbeidh ag an nGarda Síochána na comhaltaí is oilte agus is inspreagtha agus go mbeidh siad meanmach agus tiomanta.<br>➢ Forbróimid straitéis chomhtháite Daonacmhainní a thacóidh le luachanna agus le bunchuspóir an Gharda Síochána.<br>➢ Déanfaimid measúnú agus breisiú ar acmhainn bhainistíocht Daonacmhainní an Gharda.<br>➢ Forbróimid córais nua caidrimh le fostaithe.<br>➢ Cuirfimid i bhfeidhm córas foráis, tacaíochta agus luach saothair foirne.<br>➢ Forbróimid samhail nua um breithmheas ar fheidhmíocht don fhoireann ar fad.<br>➢ Cinnteoimid go gcuirfear comhdheiseanna ar fáil do chomhaltaí uile na foirne.<br>➢ Forbróimid próisis chumarsáide a chumasóidh comhairliúchán cuiditheach idir lucht bainisteoireachta agus cumainn ionadaíocha. | **Pearsanra cuí-oilte, inspreagtha agus cumhachtaithe chun eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána** |

## Cultúr an Gharda Síochána a athnuachan agus a athbheochan

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
|---|---|---|
| Rachaimid i mbun athnuachan eagraíochtúil agus cothóimid cultúr seirbhíse poiblí a bheas préamhaithe in ionracas, macántacht, meas, gairmiúlachtas agus cuntasacht | ➢ Forbróimid clár a chuireann in iúl agus a chothaíonn dílseacht domhain d'fhís, do bhunchuspóir agus do luachanna an Gharda Síochána.<br>➢ Beimid gníomhach inár n-iarrachtaí líon na ngearán faoi sheirbhís an Gharda a laghdú.<br>➢ Cuirfimid Cód Eitice leasaithe i bhfeidhm sa Gharda Síochána.<br>➢ Cinnteoimid go ngéilltear do na caighdeáin is airde de chearta eiticeacha an duine agus i gcaighdeáin agus in oiliúint.<br>➢ Cothóimid cultúr cuntasachta i measc chomhaltaí uile an Gharda. | **Cultúr seirbhíse poiblí leis na cleachtais is fearr agus is cuntasaí** |





# RIACHTANAIS STRAITÉISEACHA

## A chinntiú gur eagraíocht dea-threoraithe agus dea-bhainistithe é an Garda Síochána

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
| --- | --- | --- |
| Forbróimid ár n-acmhainn bainistíochta agus ceannaireachta de réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr | ➢ Cuirfimid feabhas ar ár n-acmhainn um phleanáil straitéiseach ionas go mbeidh sé ailínithe le spriocanna agus cuspóirí na heagraíochta.<br>➢ Cuirfimid i bhfeidhm Clár Ceannasaíochta Feidhmiúcháin an Gharda i gcomhar le príomhscoileanna gnó idirnáisiúnta.<br>➢ Forbróimid agus códóimid iompraíochtaí ceannaireachta a bheidh oiriúnach do riachtanais phóilíneacha na heagraíochta agus an Stáit.<br>➢ Neartóimid meicníochtaí feidhmíochta agus athbhreithnithe na heagraíochta de réir theimpléid feidhmíochta comhaontaithe.<br>➢ Forbróimid clár 'Ceannasaithe don Todhchaí' do bhainisteoirí líne tosaigh.<br>➢ Cuirfimid a thuilleadh feabhais ar ár gcláir maoinithe oideachais agus foráis foirne.<br>➢ Forbróimid córas seachtrach cúnaimh agus malartú gairmiúil le heagraíochtaí póilíneachta agus eagraíochtaí poiblí.<br>➢ Creidiúnóimid ár gcláir um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach le hinstitiúidí oiriúnacha tríú leibhéal. | Ceannairí agus bainisteoirí dea-oilte a bhainfidh leas as cleachtais bhainistíochta den scoth |

## Samhail den scoth de chaidreamh le custaiméirí a fhorbairt sa Gharda Síochána

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | TIONSCNAIMH | TORADH |
| --- | --- | --- |
| Déanfaimid measúnú agus athbhreithniú leanúnach ar ár seirbhís dár gcustaiméirí uile. | ➢ Athnuafaimid, forbróimid agus cuirfimid sa siúl próiseas bainistíochta um chaidreamh le custaiméirí.<br>➢ Cuirfimid tús le clár leanúnach measúnachta i dtaca le seirbhís an Gharda don phobal.<br>➢ Feabhsóimid agus athneartóimid iompraíochtaí ag gach leibhéal de sheirbhís an Gharda a ghéilleann do chearta an duine.<br>➢ Éascóimid agus oibreoimd le hoifigí Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.<br>➢ Cinnteoimid fócas dearfach ar chúrsaí disciplíne a chuireann in aghaidh iompraíocht mhí-eiticiúil agus a cheartaíonn iompraíocht éagórach. | Sástacht an phobail |